Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Samhain 2023
(OR. en)

14010/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0233 (NLE)**

COEST 549
POLCOM 231

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Comhlachais i gcumraíocht Trádála agus sa Chomhairle Comhlachais a bunaíodh leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an Úcráin, den pháirt eile a mhéid a bhaineann leis an measúnú dearfach ar chur chun feidhme chéimeanna 1 agus 2 mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XXI-A a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais, agus an rochtain ar an margadh atá nasctha leis |

**CINNEADH (AE) 2023/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Comhlachais i gcumraíocht Trádála agus sa Chomhairle Comhlachais a bunaíodh leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an Úcráin, den pháirt eile a mhéid a bhaineann leis an measúnú dearfach ar chur chun feidhme chéimeanna 1 agus 2 mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XXI-A a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais, agus an rochtain ar an margadh atá nasctha leis**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas an Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an Úcráin, den pháirt eile[1] ('an Comhaontú') a thabhairt i gcrích trí bhíthin Cinneadh (AE) 2017/1247[2] ón gComhairle agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2017.

(2) De bhun Airteagal 153(2) den Chomhaontú, an comhfhogasú reachtach do *acquis* an Aontais maidir le soláthar poiblí, tá sé le déanamh i gcéimeanna leantacha faoi mar a leagtar amach sa sceideal in Iarscríbhinn XXI-A a ghabhann leis an gComhaontú. Tá an Coiste Comhlachais a bunaíodh le hAirteagal 464(1) den Chomhaontú, ag teacht le chéile dó ina chumraíocht Trádála de bhun Airteagal 465(4) den Chomhaontú ('an Coiste Comhlachais i gcumraíocht Trádála') le meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme gach céime, agus tar éis measúnú dearfach ón gCoiste Comhlachais i gcumraíocht Trádála, ba cheart é a nascadh le deonú cómhalartach rochtana ar an margadh, faoi mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XXI-A a ghabhann leis an gComhaontú.

---

1 IO L 161, 29.5.2014, lch. 3.

2 Cinneadh (AE) 2017/1247 ón gComhairle an 11 Iúil 2017 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an Úcráin, den pháirt eile, cé is moite de na forálacha a bhaineann leis an gcóir a chuirtear ar náisiúnaigh tríú tír atá fostaithe go dleathach mar oibrithe i gcríoch an Pháirtí eile (IO L 181, 12.7.2017, lch. 1*)*.

(3) De bhun Airteagal 153(3) den Chomhaontú, níl an Coiste Comhlachais i gcumraíocht Trádála le meastóireacht a dhéanamh ar chéim ina dhiaidh sin go dtí go mbeidh na bearta chun an chéim roimhe sin a chur chun feidhme déanta agus formheasta de réir na módúlachtaí a leagtar amach in Airteagal 153(2) den Chomhaontú.

(4) De bhun Airteagal 475(5) den Chomhaontú, arna bhunú le hAirteagal 461 den Chomhaontú tá an Chomhairle Comhlachais le cinneadh a dhéanamh maidir le hoscailt chómhalartach bhreise an mhargaidh tar éis measúnú dearfach ón gCoiste Comhlachais i gcumraíocht Trádála a mhéid a bhaineann le chur chun feidhme gach céime mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XXI-A a ghabhann leis an gComhaontú.

(5) Tá an Coiste Comhlachais i gcumraíocht Trádála le dhá chinneadh a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialacha Nós Imeachta an Choiste Comhlachais agus na bhFochoistí, arna nglacadh trí bhíthin Chinneadh Uimh. 1/2014 ó Chomhairle Comhlachais AE-an Úcráin[1], lena dtugtar measúnú dearfach ar chomhfhogasú dhlí na hÚcráine do dhlí an Aontais i gcur chun feidhme chéim 1 agus chéim 2 faoi mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XXI-A a ghabhann leis an gComhaontú.

---

[1] Cinneadh Uimh 2/2014 ón gComhairle Comhlachais AE-an Úcráin an 15 Nollag 2014 lena nglactar a Rialacha Nós Imeachta agus Rialacha Nós Imeachta an Choiste Comhlachais agus na bhfochoistí (IO L 157, 23.6.2015 lch. 99).

(6) Tar éis na gcinntí ón gCoiste Comhlachais i gCumraíocht Trádála, tá an Chomhairle Comhlachais le dhá chinneadh a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialacha Nós Imeachta an Chomhairle Comhlachais, arna nglacadh trí bhithín, Chinneadh Uimh. 1/2014 ó Chomhairle Comhlachais AE-an Úcráin, i ndáil le rochtain chómhalartach bhreise ar an margadh a dheonú atá nasctha le cur chun feidhme, faoi seach, chéim 1 agus chéim 2 mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XXI-A a ghabhann leis an gComhaontú.

(7) Mar thoradh ar na ceithre chinneadh atá le glacadh, ba cheart don Aontas agus don Úcráin rochtain chómhalartach ar an margadh a dheonú le haghaidh soláthar soláthairtí ag údaráis rialtais láir agus ag údaráis stáit, réigiúnacha agus áitiúla agus ag comhlachtaí atá faoi rialú an dlí phoiblí.

(8) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Comhlachais i gcumraíocht Trádála agus sa Chomhairle Comhlachais a mhéid a bhaineann le measúnú dearfach ar chur chun feidhme céimeanna 1 agus 2 mar a leagtar amach in Iarscríbhin XXI-A a ghabhann leis an gComhaontú agus an rochtain ar an margadh atá nasctha leis, ó tharla go mbeidh na cinntí atá beartaithe ceangailteach ar an Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Comhlachais i gcumraíocht Trádála a mhéid a bhaineann leis an measúnú dearfach ar chur chun feidhme chéim 1 agus chéim 2 mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XXI-A a ghabhann leis an gComhaontú, beidh sé bunaithe ar na dréachtchinntí ón gCoiste Comhlachais i gcumraíocht Trádála atá i a leagtar amach in Aguisíní I agus II a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Comhlachais a mhéid a bhaineann le rochtain chómhalartach bhreise atá nasctha le cur chun feidhme chéim 1 agus chéim 2 mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XXI-A a ghabhann leis an gComhaontú, beidh sé bunaithe ar na dréachtchinntí ón gCoiste Comhlachais a leagtar amach in Aguisíní III agus IV a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 3*

Na cinntí ón gCoiste Comhlachais i gcumraíocht Trádála dá dtagraítear in Airteagal 1 agus na Cinntí ón gComhairle Comhlachais dá dtagraítear in Airteagal 2, foilseofar iad in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a nglactha.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*